www.xtrapapers.com

Rewarding Learning

General Certificate of Secondary Education
2017

# Irish

## Unit 3: Listening

## Foundation Tier

**[GIR31]**

**THURSDAY 11 MAY, MORNING**

# TRANSCRIPT

Each piece heard twice

Audio "beep" to precede each question

Questions 1 – 9 insert 5 and 10 second pauses

Questions 10 – 13 insert 7 and 12 second pauses

www.xtrapapers.com

Northern Ireland Council for the Curriculum, Examinations and Assessment
General Certificate of Secondary Education, 2017
Irish, Unit 3, Listening, Foundation Tier

You will now be allowed 5 minutes to read through the paper, before the first question starts.

*Pause 5 minutes*

The five minute reading period has now finished and the examination will now begin. Please open your paper at question 1.

In this section you will hear a number of pieces of Irish. You should listen to these very carefully. Read each question carefully, complete your answer by listening to the recording and following the instructions given in the question paper. You will hear each section twice.

1 Ciara talks about her family.

*F* – Dia daoibh. Is mise Ciara. Tá cúigear i mo theaghlach. Tá deartháir amháin agus deirfiúr amháin agam. Níl peata agam ach ba mhaith liom madadh.

*Pause 5 seconds and repeat*

*Pause 10 seconds*

2 Dónall talks about his favourite sport.

*M* – Is mise Dónall. Is maith liom leadóg.

*Pause 5 seconds and repeat*

*M* – Imrím leadóg gach oíche Aoine.

*Pause 5 seconds and repeat*

*M* – Imrím leadóg le mo chairde.

*Pause 5 seconds and repeat*

*Pause 10 seconds*

www.xtrapapers.com

3 You hear pupils talking about what they ate for breakfast.

*F* – A Mháire, cad é d'ith tú don bhricfeasta?

*F* – D'ith mé calóga arbhair.

*Pause 5 seconds and repeat*

*F* – A Liam, cad é d'ith tú don bhricfeasta?

*M* – D'ith mé arán rósta agus d'ól mé tae.

*Pause 5 seconds and repeat*

*F* – A Phádraigín, cad é d'ith tú don bhricfeasta?

*F* – D'ith mé torthaí.

*Pause 5 seconds and repeat*

*Pause 10 seconds*

4 You hear some announcements in a train station.

*M* – Tá sé leath i ndiaidh a hocht agus tá an traein go Baile Átha Cliath ag imeacht anois ó Ardán a Sé.

*Pause 5 seconds and repeat*

*M* – Ná fág bagáiste ar ardán ar bith sa stáisiún.

*Pause 5 seconds and repeat*

*Pause 10 seconds*

www.xtrapapers.com

5 Róisín talks about her birthday.

*M* – Cén aois thú, a Róisín?

*F* – Tá mé aon bhliain déag d'aois ach beidh mé dhá bhliain déag d'aois ar an chéad lá de mhí Lúnasa.

*Pause 5 seconds and repeat*

*M* – An dtéann tú amach le do chairde ar do bhreithlá?

*F* – Ní théim amach le mo chairde. Gach bliain téim ag siopadóireacht le mo mhamaí agus ceannaíonn sí guthán póca nua dom do mo bhreithlá.

*Pause 5 seconds and repeat*

*Pause 10 seconds*

6 You hear pupils talking about what they buy with their money.

*M* – A Nuala, cad é a cheannaíonn tú le do chuid airgid?

*F* – Téim chuig an siopa gach lá i ndiaidh na scoile agus ceannaím milseáin.

*Pause 5 seconds and repeat*

*M* – A Liam, cad é a cheannaíonn tú le do chuid airgid?

*M* – Ceannaím éadaí nua. Is maith liom éadaí faiseanta a chaitheamh.

*Pause 5 seconds and repeat*

*M* – A Shíle, cad é a cheannaíonn tú le do chuid airgid?

*F* – Is maith liom irisí a cheannach gach mí.

*Pause 5 seconds and repeat*

*Pause 10 seconds*

www.xtrapapers.com

7 Two friends talk about their areas.

*M* – Is mise Eoghan. Tá mé i mo chónaí ar an Lorgain. Téim amach le mo chairde gach Satharn. Feicim páipéir, cannaí agus málaí ina luí ar na sráideanna. Ní chuireann daoine bruscar i mbosca bruscair. Tá siad falsa.

*Pause 5 seconds and repeat*

*F* – Is mise Caitríona. Tá mé i mo chónaí i mBéal Feirste. Is maith liom mo cheantar ach tá fadhbanna againn. Téann na daoine óga amach ag ól ag an deireadh seachtaine. Ansin briseann siad fuinneoga agus déanann siad damáiste do charranna sna sráideanna. Is mór an trua sin mar tá Béal Feirste galánta.

*Pause 5 seconds and repeat*

*Pause 10 seconds*

8 You hear a conversation in a hotel.

*M* – Gabh mo leithscéal. Cá bhfuil an linn snámha?

*F* – Thuas ansin.

*M* – Go raibh maith agat.

*Pause 5 seconds and repeat*

*F* – Ar mhaith leat dul ag snámh? An bhfuil hata agat?

*M* – Níl hata liom.

*F* – Beidh ort hata a cheannach. Níl cead ag duine ar bith bheith ag snámh gan hata.

*Pause 5 seconds and repeat*

*M* – Cá mhéad atá ar hata?

*F* – Trí phunt caoga.

*M* – Maith go leor. Tabhair dom ceann amháin le do thoil.

*Pause 5 seconds and repeat*

*Pause 10 seconds*

www.xtrapapers.com

9 Three friends talk about their weekend.

*M* – A Nóra, an ndearna tú rud ar bith speisialta ag an deireadh seachtaine?

*F* – Rinne. Chuaigh mé amach le mo thuismitheoirí. Chuaigh muid chuig an bhialann nua sa bhaile mhór. Bhí sé daor ach thaitin an béile liom.

*Pause 5 seconds and repeat*

*M* – A Áine, an ndearna tú rud ar bith speisialta ag an deireadh seachtaine?

*F* – Ní dhearna. Chaith mé an deireadh seachtaine ag déanamh réidh do na scrúduithe. Tá fearg orm mar chaill mé an cluiche peile.

*Pause 5 seconds and repeat*

*M* – A Úna, an ndearna tú rud ar bith speisialta ag an deireadh seachtaine?

*F* – Ní dhearna. Bhí mé tinn. Chaith mé an deireadh seachtaine sa leaba. Bhí mé dúdóite.

*Pause 5 seconds and repeat*

*Pause 10 seconds*

www.xtrapapers.com

10 You hear a Home Economics teacher talking.

F – Cuir gach rud atá de dhíth ort ar an tábla.
Faigh pota mór agus scian ar dtús.
Anois faigh an bia. Gabh chuig an chófra agus faigh prátaí, oinniún amháin, cairéid, salann agus piobar. Gabh chuig an chuisneoir agus tóg amach feoil.

*Pause 7 seconds and repeat*

F – Bain an craiceann de na prátaí, de na cairéid agus den oinniún. Gearr na glasraí i bpíosaí. Bí cúramach nuair a bhaineann tú úsáid as an scian.

*Pause 7 seconds and repeat*

F – Cuir na glasraí uilig agus an fheoil sa phota. Cuir salann agus piobar isteach chomh maith. Ansin cuir gloine uisce sa phota agus cuir ar theas íseal ar an sorn é.

*Pause 7 seconds and repeat*

F – Bíonn an dinnéar seo iontach blasta. Is maith liom an dinnéar seo a ithe sa gheimhreadh.

*Pause 7 seconds and repeat*

*Pause 12 seconds*

www.xtrapapers.com

11 Aoife and her brother discuss plans for Aoife's trip to visit him in Liverpool.

*M* – A Aoife, beidh sé deas tú a fheiceáil Dé Sathairn.

*F* – Tá mé ag súil go mór leis an turas. Beidh sé suimiúil cathair eile a fheiceáil.

*Pause 7 seconds and repeat*

*M* – An dtiocfadh leat cúpla rud a thabhairt leat ón bhaile?

*F* – Cinnte. Cad é a ba mhaith leat?

*M* – Tá puball faoin leaba i mo sheomra leapa. An dtiocfadh leat an puball a thabhairt leat mar beidh mé ag dul ag campáil le mo chairde?

*F* – Maith go leor. Cad é eile atá de dhíth ort?

*M* – Imrím iománaíocht anois don chlub atá sa cheantar agus tá camán de dhíth orm.

*F* – Fadhb ar bith.

*Pause 7 seconds and repeat*

*F* – Ní maith liom taisteal in eitleán.

*M* – Ná bí buartha. Beidh tú ceart go leor. Feicfidh mé thú ag an aerfort Dé Sathairn.

*Pause 7 seconds and repeat*

*Pause 12 seconds*

www.xtrapapers.com

12 Lára and Seán discuss university life.

M – A Lára, chuala mé go bhfuil tú ag freastal ar ollscoil i mBaile Átha Cliath anois.

F – Tá an ceart agat, a Sheáin. Thosaigh mé ar an chúrsa anuraidh agus taitníonn sé go mór liom.

*Pause 7 seconds and repeat*

M – Cén cúrsa a dhéanann tú?

F – Déanaim cúrsa innealtóireachta. Is innealtóir m'athair agus dúirt sé go bhfuil obair ar fáil. Ba mhaith liomsa bheith ag obair mar innealtóir fosta.

*Pause 7 seconds and repeat*

M – Bhí mé féin ag smaoineamh ar dhul go Baile Átha Cliath ach dúirt mo chara go bhfuil an saol iontach costasach i mBaile Átha Cliath.

F – Is fíor sin ach is maith liom Baile Átha Cliath mar bíonn saoirse agam ansin. Cad é mar atá an saol agat féin?

*Pause 7 seconds and repeat*

M – Tá mé go maith. Tá cúpla mí eile le déanamh agam ar an choláiste i mBéal Feirste. Tá súil agam go mbeidh mé ag obair thar lear ar an bhliain seo chugainn.

F – Tabharfaidh mé cuairt ort.

M – Maith go leor.

*Pause 7 seconds and repeat*

*Pause 12 seconds*

www.xtrapapers.com

13 Two friends discuss school.

M – A Eithne, an maith leat an scoil seo?

F – Is maith. Nach maith leatsa an scoil?

M – Níl dúil dá laghad agam sa scoil.

F – Sílim go bhfuil an t-ádh orainn mar is scoil nua í seo agus tá neart áiseanna againn.

M – Tá an ceart agat ach tugann na múinteoirí barraíocht oibre dúinn. Ní maith liom an brú atá orainn.

F – Tá na múinteoirí ag iarraidh cuidiú linn.

M – Tá tusa ceart go leor. Fuair tusa duais anuraidh do na marcanna is airde sna scrúduithe. Níor éirigh go ró-mhaith liomsa sna scrúduithe.

F – Rinne mé cuid mhór oibre.

*Pause 7 seconds and repeat*

M – Ní maith liom an príomhoide nua. Tá sé ró-dhian. Tá a lán rialacha aige.

F – Briseann tusa na rialacha go minic. Téann tú amach ag am lóin agus ní chaitheann tú carbhat.

M – Sílim nach bhfuil ciall ar bith leis na rialacha agus tá an éide scoile gránna.

F – An maith leat rud ar bith faoin scoil?

M – Tá mo chroí istigh sa spórt agus imrím ar an fhoireann cispheile. Is mise an captaen. Tá bród orm as an fhoireann.

F – Is maith an rud é sin.

M – Is fuath liom bheith i mo shuí i seomra ranga. Is fearr liom bheith amuigh ar na páirceanna imeartha.

F – Ní duine spórtúil mé ach tuigim sin.

*Pause 7 seconds and repeat*

*Pause 12 seconds*

This is the end of the recording.